2025/181

3.2.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/181 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Eanáir 2025

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2393 a mhéid a bhaineann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1416 a aisghairm

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2393 ón gCoimisiún ([2]) rinneadh údarú désulfáite sóidiam a athnuachan ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe lena húsáid le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas ainmhithe uisceacha sa chatagóir 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'leasaithigh' agus le haghaidh gach speicis ainmhíoch talún seachas cait, minceanna, peataí agus ainmhithe eile nach bia-ainmhithe iad sa chatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'rialtáin aigéadachta'. Rinneadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1416 ón gCoimisiún ([3]) a leasú leis, freisin.

(2) Mar sin féin, rinneadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1416 a aisghairm go hearráideach ós rud é, leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, gur údaraíodh úsáid déshulfáite sóidiam go dtí an 10 Meán Fómhair 2025 le haghaidh ainmhithe uisceacha mar bhreiseán beathaithe a bhaineann leis an gcatagóir 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'leasaithigh', agus le haghaidh bia-ainmhithe uisceacha mar bhreiseán beathaithe a bhaineann leis an gcatagóir 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'rialtáin aigéadachta'.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2393 a cheartú tríd an bhforáil lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1416 a scriosadh agus trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1416 a leasú chun na catagóirí ainmhithe a shonrú a bhfuil úsáid déshulfáite sóidiam fós údaraithe ina leith go dtí an 10 Meán Fómhair 2025.

(4) Chun suaitheadh sa mhargadh agus iarmhairtí díobhálacha do na hoibreoirí lena mbaineann a chosc, nithe a d'fhéadfadh tarlú toisc go ndearnadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1416 a aisghairm go hearráideach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith aige ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2393.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2393 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2024 maidir le húdarú déshulfáite sóidiam a athnuachan agus le húsáidí nua den tsubstaint sin a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh speicis ainmhithe áirithe (IO L, 2024/2393, 10.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2393/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1416 ón gCoimisiún an 20 Lúnasa 2015 maidir le déshulfáit sóidiam a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 220, 21.8.2015, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1416/oj).

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2393 ón gCoimisiún

I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2393 cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'*Airteagal 3*

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1416

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1416 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) sa chúigiú colún dar teideal "Speicis nó catagóir ainmhí", cuirtear "Ainmhithe uisceacha" in ionad na catagóire "Gach speiceas ainmhíoch seachas cait agus minceanna" agus scriostar na catagóirí "Cait" agus "Minceanna";

(b) san ochtú colún dar teideal "Uasmhéid", scriostar na hiontrálacha "20 000" agus "10 000".

(2) In Iarscríbhinn II, sa chúigiú colún dar teideal "Speicis nó catagóir ainmhí", cuirtear an chatagóir "Bia-ainmhithe uisceacha" in ionad na catagóire "Gach speiceas ainmhíoch seachas cait, minceanna, peataí agus ainmhithe eile nach bia-ainmhithe iad".'

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 30 Meán Fómhair 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN